# Vóta 24

# Dlí agus Ceart agus Comhionannas

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ar fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgead-teoranta atá á riar ag an Oifig sin, agus íocaíochtaí deontas agus deontas áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2018, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain agus
(b) arna soláthar le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil sa bhliain 2018 as leithreasaí nár caitheadh sa bhliain 2017, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €6.874 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad Ráiteas na mBeartas agus na bPrionsabal Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

**Aistriú Feidhmeanna**

Aistríodh an fhreagracht as Suirbhéireacht Ordanáis Éireann chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil le héifeacht ón 1 Eanáir 2018 faoin Ordú um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2017 (I.R. Uimh. 573 de 2017).

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Cuntasaíocht grúpa le haghaidh sócmhainní seasta***

Léirítear i Nótaí 1 agus 2 a ghabhann leis an gcuntas leithreasa luachanna sócmhainní seasta agus muirir ghaolmhara dhímheasa maidir le sócmhainní atá faoi úinéireacht na Roinne agus roinnt de na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne.

***Dímheas***

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta ag tosú sa mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse. Déantar foirgnimh a dhímheas ar ráta 2% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim thar an saolré úsáideach mheasta. Déantar feithiclí agus trealamh a dhímheas ag ráta 20% in aghaidh na bliana de réir mhéid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuirtear seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte ag an Oifig Náisiúnta um Seirbhísí Comhroinnte.

Bím ag brath ar litir dearbhaite ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta um Sheirbhísí Comhroinnte chun na rialaithe cuí a fheidhmiú i rith na seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn.

Tá litir dearbhaite soláthartha agam do na hOifigigh Chuntasaíochta, ag fáil seirbhísí comhroinnte airgeadais ó Lárionad Comhsheirbhísí Airgeadais na Roinne i gCill Airne, maidir leis na rialaithe atá curtha ar bun.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí .
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis seo na heilimintí seo a leanas:

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Deimhníonn an Roinn go gcomhlíontar an dlí i dtaca le soláthar agus polasaí agus modhanna Rialtais. Baineann sí leas as bunachar sonraí lárnach chun cros-seiceáil a dhéanamh de láimh ar thuarascálacha caiteachais a tharraingítear as an gCóras Bainistíochta Airgeadais chun a chinntiú go bhfuil an caiteachas ag teacht le modhanna cuí soláthair. Tá formhór mór na dtairiscintí á reáchtáil anois ag an Oifig um Sholáthar Rialtais nó i gcomhar leis an Oifig. Seoltar tuairisceán bliantúil chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Oifig um Sholáthar Rialtais de réir i gcomhréir le Ciorclán 40/2002 na Roinne Airgeadais.

Cuireadh cúig chonradh is tríocha dar luach €6,673,592 (gan CBL a áireamh) ar áireamh i dtuairisceán Chiorclán 40/02 toisc gur mó iad ná an tairseach tuairiscithe €25,000 agus gur dámhadh iad (inter alia) gan próiseas iomaíoch a reáchtáil mar seo a leanas:

- Meastar gur neamhiomaíoch agus neamhchomhlíontach atá ocht gconradh déag dar luach €3,768,553. Fadaíodh na conarthaí sin níos faide ná an dáta conartha bunaidh gan próiseas iomaíoch nua a chur i gcrích. B'amhlaidh sin den chuid is mó toisc go bhfuil socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.
- Meastar gur neamhiomaíoch atá sé chonradh déag dar luach €2,869,515. Meastar go bhfuil siad comhlíontach, áfach, toisc gurbh iad soláthraithe aonair a sholáthair iad nó toisc go bhfuarthas iad mar thoradh ar ghá práinneach a bheith ann.
- Meastar gur neamhiomaíoch atá conradh amháin dar luach €35,524. Meastar go bhfuil sé comhlíontach, áfach, toisc gur dámhadh é de bharr ábhair imní slándála a bheith ann.

***Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca *seo* a mhaolú.

Tá clár rioscaí in áit a aithníonn na príomh rioscaí don roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil.Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialuithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus tugann sé feidhmiú rialuithe do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh rioscaí agus na rialuithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh rialuithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánacha airgeadais***

Ag teacht sna sála ar na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha iniúchóireachta le déanaí, bíonn an Roinn i mbun rialuithe airgeadais agus rialuithe eile a athbhreithniú agus a neartú ar bhonn leanúnach i bpróisis i réimsí amhail bainistíocht tionscadal TFC agus riar deontas.

**Aidan O'Driscoll**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

29 Márta 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Dlí agus Ceart agus Comhionannas agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2018.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

20 Meán Fómhair 2019

# Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas clár** | | | | | |
| A | Ceannaireacht agus Maoirseacht ar Pholasaí Ceartais agus Comhionannais agus Cur i bhFeidhm | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 49,065 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (3,479) | | | |
| | | | 45,586 | 44,733 | 55,048 |
| B | Éire slán, sábháilte | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 165,716 | | | |
| | *Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha* | 741 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 12,846 | | | |
| | | | 179,303 | 175,935 | 162,099 |
| C | Fáil ar cheartas do chách | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 53,871 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 305 | | | |
| | | | 54,176 | 52,468 | 44,281 |
| D | Sochaí chothrom uilechuimsitheach | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 25,704 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (2,655) | | | |
| | | | 23,049 | 21,501 | 19,435 |
| E | Córas Inimirce, tearmainn agus saoránachta atá éifeachtach, so-fhreagrach agus cothrom | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 149,887 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 7,997 | | | |
| | | | 157,884 | 161,094 | 141,925 |
| | **Ollchaiteachas** | | **459,998** | **455,731** | **422,788** |
| | *Asbhain* | | | | |
| F | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 74,464 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 7,014 | | | |
| | | | **81,478** | **85,027** | **66,118** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 369,779 | | | |
| | *Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha* | 741 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 8,000 | | | |
| | | | **378,520** | **370,704** | **356,670** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a cuireadh i bhfeidhm dlite do ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir aon chuid ar bith de na leithreasaí nár caitheadh le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh € 942,000 de leithdháiltí nár caitheadh i leith eilimintí caipitil Fho-mhírcheann B.18 ar aghaidh go 2019.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas le tabhairt suas | 7,816,484 | 22,293,659 |
| Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha | (942,000) | (741,000) |
| **Barrachas le tabhairt suas** | **6,874,484** | **21,552,659** |

**Aidan O'Driscoll**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

29 Márta 2019

## Nótaí don Chuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachascláir** | | 408,673 | 378,553 |
| Pá | | 26,611 | 24,388 |
| Neamhphá | | 20,447 | 19,847 |
| **Ollchaiteachas** | | **455,731** | **422,788** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **85,027** | **66,118** |
| **Glanchaiteachas** | | **370,704** | **356,670** |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannachán | (6,805) | | |
| Dímheas | 4,549 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 6 | | |
| Airgead tirim um dhiúscairtí | 4 | | |
| | | (2,246) | (2,541) |
| **Athraithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | 285 | | |
| Méadú ar stoc | (123) | | |
| | | 162 | 3,976 |
| **Caiteachas díreach** | | **368,620** | **358,105** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 43,391 | 41,224 |
| Measchíosanna | | 4,693 | 4,606 |
| **Costas glanclár** | | **416,704** | **403,935** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 24 a iompraíodh in áit eile agus costas cionroinnte lárionad comhsheirbhísí na Roinne.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 279 | 194 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 34,755 | 31,849 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 11,903 | 12,222 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Seirbhísí Roinnte | 279 | 326 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | 195 | 185 |
| Lárchiste – Pinsin na nAirí | 186 | 186 |
| | 47,597 | 44,962 |
| Costais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile | (4,206) | (3,738) |
| | **43,391** | **41,224** |

## Nóta 2 Ráiteas Maidir leis an Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 22,448 | 20,202 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 27,219 | 37,462 |
| Stoic | 2.4 | 763 | 640 |
| Réamhíocaíochtaí | | 5,101 | 4,693 |
| Ioncam fabhraithe | | 4,330 | 4,100 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 1,184 | 1,168 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **38,597** | **48,063** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 7,377 | 6,503 |
| Ioncam iarchurtha | | 148 | 99 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 27,190 | 37,242 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 1,213 | 1,388 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **35,928** | **45,232** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **2,669** | **2,831** |
| **Glansócmhainní** | | **25,117** | **23,033** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **25,117** | **23,033** |

### 2.1 Cuntas Maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 23,033 | 25,405 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 378,520 | | |
| Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha | | (942) | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (6,874) | | |
| Vóta glan | | | 370,704 | 356,670 |
| Glanchaiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 43,391 | 41,224 |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | 1 | | 4,693 | 4,606 |
| Costas glan clár | 1 | | (416,704) | (403,935) |
| Coigeartú as Sócmhainní Caipitil a aistriú amach | 2.2 | | — | (937) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **25,117** | **23,033** |

## 2.2 Sócmhainní Caipitil[a]

| | Talamh agus foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní Caipitil á bhForbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 6,901 | 1,990 | 101,488 | 2,720 | 3,609 | 116,708 |
| Breiseanna | — | 28 | 2,247 | 134 | 4,396 | 6,805 |
| Aistriú amach [b] | — | (158) | (1) | — | — | (159) |
| Aistriú ó Shócmhainní á bhForbairt | — | — | 748 | — | (748) | — |
| Diúscairtí [c] | — | (144) | (6,943) | (80) | — | (7,167) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 6,901 | 1,716 | 97,539 | 2,774 | 7,257 | 116,187 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 1,308 | 1,144 | 91,710 | 2,344 | — | 96,506 |
| Dímheas don bhliain | 138 | 225 | 4,090 | 96 | — | 4,549 |
| Dímheas Aistriú amach [b] | — | (158) | (1) | — | — | (159) |
| Dímheas ar dhiúscairtí [c] | — | (144) | (6,933) | (80) | — | (7,157) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2018 | 1,446 | 1,067 | 88,866 | 2,360 | — | 93,739 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **5,455** | **649** | **8,673** | **414** | **7,257** | **22,448** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 5,593 | 846 | 9,778 | 376 | 3,609 | 20,202 |

Nóta

[a] Léirítear sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil na sócmhainní don Roinn ar fad, lena n-áirítear roinnt gníomhaireachtaí i Vóta 24 a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leithligh freisin.

[b] Baineann na haistrithe amach sa chatagóir 'Feithiclí agus Trealamh' le feithiclí a raibh costas bunaidh €158,000 acu agus a aistríodh ón mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ó Chigireacht an Gharda Síochána chuig Vóta an Gharda Síochána. Baineann an t-aistriú amach eile le printéir a aistríodh chuig Vóta na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

[c] Baineadh sócmhainní Crua-earraí agus Bogearraí TF dulta as feidhm as an gclár sócmhainní sa bhliain 2018. Tá baint na sócmhainní sin den chlár sócmhainní freagrach as cuid shuntasach de na diúscairtí sa bhliain 2018.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ginearálta | 21,337 | 24,315 |
| Cuntais bhainc thráchtála eile | 5,882 | 13,147 |
| | **27,219** | **37,462** |

**Cuntais bhainc thráchtála eile**

Sealbhaíonn an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (dhá chuntas) agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (cuntas amháin) cuntais bhainc thráchtála ina gcoimeádtar €3,447,952 san iomlán (2017: €3,144,256). Maidir leis an airgead atá sna cuntais sin, déanann na gníomhaireachtaí i gceist é a bhainistiú agus a riar. I gcás an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, déantar amhlaidh i dtaca le ciste cúitimh. I gcás an Údaráis Náisiúnta Míchumais, déantar amhlaidh i dtaca le hioncam neamhvótáilte. Ní tharchuirtear trí na cuntais bhainc sin aon airgead atá dlite don vóta nó a íoctar uaidh. De bhreis air sin, tá 35 chuntas bainc ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil. Coimeádtar €6,082,954 (2017: €6,288,319) sna cuntais sin. Cuirtear na cuntais bhainc ar áireamh i gcuntais an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, toisc go bhfuil a gcuntas bainc féin ag gach ceann de na hionaid um chúnamh dlíthiúil.

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Páipéarachas | 153 | 149 |
| Tomhaltais fóiréinseacha | 517 | 383 |
| Tomhaltais TF | 48 | 39 |
| Cártaí clárúcháin inimirce | — | 11 |
| Ilghnéitheach | 18 | 33 |
| Trealamh/ éadach | 27 | 25 |
| | **763** | **640** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí | 124 | 868 |
| Óinchistí | 56 | 53 |
| Aisghabháil na scéime pas taistil | 733 | 160 |
| Glacadóireacht an Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 35 | 35 |
| Eile | 236 | 52 |
| | **1,184** | **1,168** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 1,772 | 1,935 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 1,007 | 1,129 |
| Cáin Bhreisluacha | 271 | 314 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 2,134 | 2,225 |
| Bhainc dlí agus ceart | 5,882 | 13,147 |
| | 11,066 | 18,750 |
| Asbhaintí párolla atá gcoinneáil ar fionraí | 662 | 752 |
| Cistiú ciste sóisialtana heorpaar son tionscadalréamh-cuimsiúsóisialta 2014 – 2020 | 2,979 | 2,979 |
| Réamhíocaíochtaí An Ciste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha 2014–2020 | 12,014 | 14,184 |
| Athlonnaíocht éigeandála agus tionscadail reach | 53 | 53 |
| Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste | 18 | 7 |
| Eile | 398 | 517 |
| | **27,190** | **37,242** |

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le tabhairt suas | 6,874 | 21,553 |
| Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha | 942 | 741 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (6,603) | (20,906) |
| **Glandliteanas don Státchiste** | **1,213** | **1,388** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 27,219 | 37,462 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 1,184 | 1,168 |
| | 28,403 | 38,630 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (11,066) | (18,750) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (16,124) | (18,492) |
| | (27,190) | (37,242) |
| | **1,213** | **1,388** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 10,677 | 8,108 |
| Tograí caipitil | 3,562 | 1,861 |
| Iomlán na dtiomantais infheidhmithe le dlí | **14,239** | **9,969** |

## 2.9 Dliteanais aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibí neamhscaoilte ag deireadh na bliana 2018 nó sa bhliain roimhe sin.

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Féach Nóta 6.1 i dtaca le coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

### Anailís ar chaiteachais riaracháin

| | | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 20,816 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 2,000 | | | |
| | | | | 22,816 | 22,640 | 20,491 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | | 338 | 397 | 386 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 3,867 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 1,700 | | | |
| | | | | 5,567 | 6,119 | 6,099 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 635 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 800 | | | |
| | | | | 1,435 | 1,484 | 1,495 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 6,735 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 2,000 | | | |
| | | | | 8,735 | 9,019 | 8,771 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | 1,633 | 1,272 | 1,492 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | 73 | 129 | 30 |
| viii | Taighde | | | 282 | 52 | 80 |
| ix | Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais[a] | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 6,693 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (750) | | | |
| | | | | 5,943 | 5,946 | 5,391 |
| | | | | **46,822** | **47,058** | **44,235** |

Nóta [a] I bhfigiúr pá don bhliain 2018, áirítear tuarastail arbh ionann iad agus €3,970,764 (2017: €3,897,016) don Lárionad Comhsheirbhísí Airgeadais. Muirearaítear an costas seo ar chlár A – Ceannaireacht agus formhaoirseacht ar an mbeartas dlí agus cirt agus comhionannais agus ar chur i bhfeidhm an bheartais sin: fo-mhírcheann A.1 Riarachán – pá.

### Athrúcháin shuntasacha

Sna nithe seo a leanas i gcaiteachas riaracháin an Vóta, leagtar amach na cúiseanna le hathrúcháin shuntasacha (+/-25% agus €100,000). Cionroinneadh caiteachas riaracháin ar fud na gclár chun costais iomlána chláir a chur i láthair.

*iii* *Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha*

Soláthar an mheastacháin €3.867 milliún, táirgeacht: €6.119 milliún

Léirítear go páirteach sa mheastachán forlíontach €1.7 milliún don fho-mhírcheann an barrachas €2.252 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €3.867 milliún. Baineann an caiteachas barrachais go príomha le costais dlí a bhí cothrom le €350,000 milliún agus costais eile riaracháin a bhí cothrom le €1.9 milliún, lenar áiríodh seirbhísí a conraíodh go seachtrach.

*iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar an mheastacháin €635,000, táirgeacht: €1.484 milliún

Léirítear sa mheastachán forlíontach €800,000 don fho-mhírcheann an barrachas €849,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €635,000. Tháinig an róchaitheamh chun cinn go príomha mar thoradh ar chostais a bhaineann le naisc an Líonra Achair Logánta (thart ar €600,000), ar naisc iad a chlúdaíonn na 75 shuíomh sa tír ar na seirbhísí comhroinnte agus an ceangal le Néal-Líonra an Rialtais. De bhreis air sin, bhí caiteachas ann ar bhonneagar teileachumarsáide le haghaidh cur chun feidhme a dhéanamh ar thionscadal na Timpeallachta Óstála Feidhmchlár (€110,000), rud a bhfuil díriú seachtrach aige, agus ar athbhreithniú a dhéanamh ar an Líonra Achair Logánta (€140,000).

*v* *Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha*

Soláthar an mheastacháin €6.735 milliún, táirgeacht: €9.019 milliún

Léirítear sa mheastachán forlíontach €2.0 milliún don fho-mhírcheann an caiteachas barrachais €2.284 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €6.735 milliún. Baineann an róchaitheamh go príomha le feabhsuithe seirbhíse i dtaca le Tógáil chun Comhroinnt agus le Tús Áite d’Ábhar Digiteach. Áirítear leo sin cur chun feidhme thionscadal na Timpeallachta Óstála Feidhmchlár, rud a bhfuil díriú seachtrach aige. Éascaítear oibriú na gcóras leis an tionscadal seo, rud a chumasaíonn rochtain shábháilte ó fhoinsí atá lasmuigh den tseirbhís chomhroinnte TFC. Tabhaíodh costais freisin le linn iarratais nua ar chomhroinnt sonraí bhreisithe a chur i bhfeidhm agus le linn feidhmchláir Microsoft a thabhairt isteach mar uirlisí gnó.

*viii* *Taighde*

Soláthar an mheastacháin €282,000, táirgeacht: €52,000

Tháinig an choigilt €230,000 chun cinn mar go raibh roinnt tionscadal taighde ag céim na pleanála sa bhliain 2018. Déanfar iad sa bhliain 2019 faoi Phlean Taighde na Roinne.

## Clár A Ceannaireacht agus maoirseacht ar pholasaí ceartais agus comhionannais agus cur i bhfeidhm

| | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 9,032 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 274 | | | |
| | | | 9,306 | 9,153 | 8,587 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 5,409 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 585 | | | |
| | | | 5,994 | 6,202 | 5,694 |
| A.3 | Cigireacht na bPríosún | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 391 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 172 | | | |
| | | | 563 | 538 | 303 |
| A.4 | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 10,051 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (400) | | | |
| | | | 9,651 | 9,847 | 8,769 |
| A.5 | Oifig Chigireachta na nGardaí | | 1,286 | 1,001 | 797 |
| A.6 | Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 11,669 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (2,755) | | | |
| | | | 8,914 | 8,058 | 6,174 |
| A.7 | Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 692 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (112) | | | |
| | | | 580 | 547 | 433 |
| A.8 | Údaráis Lárnach | | 135 | 62 | 80 |
| A.9 | An tÚdarás um Rialáil Seirbhísí Dlí | | 1,001 | 1,000 | 1,023 |
| A.10 | Údarás Rialála na Seirbhísí Réadmhaoine | | 2,015 | 2,054 | 1,971 |
| A.11 | Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 7,382 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (1,243) | | | |
| | | | 6,139 | 6,271 | 5,624 |
| A.12 | Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | | 1 | — | — |
| A.13 | An tÚdarás um Rialáil Carthanas | | 1 | — | — |
| | *Suirbhéireacht Ordanáis Éireann* | | — | — | 15,593 |
| | | | **45,586** | **44,733** | **55,048** |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár A €853,000 níos ísle ná an meastachán deiridh. Laghdaíodh an meastachán bunaidh €49.065 milliún faoi €3.479 milliún tríd an meastachán forlíontach agus tháinig an t-athrúchán i gcaiteachas chun cinn go príomha de bharr na nithe seo a leanas:

A.3. *Cigireacht na bPríosún*

Soláthar an mheastacháin €391,000, táirgeacht: €538,000

Bhí róchaitheamh €147,000 ann i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €391,000, rud ar freastalaíodh air trí mheastachán forlíontach €172,000. Tháinig an chúis leis an róchaitheamh chun cinn go príomha as costais phárolla bhreise €105,000 sa bhliain 2018, rud a d'eascair as ceapadh Chigire nua na bPríosún sa bhliain 2018. Bhí costais bhreise neamh-phárolla a bhí cothrom le €42,000 ann mar go raibh sé riachtanach trealamh TFC a athsholáthar agus tacaíocht sheachtrach bhreise a fháil i seirbhísí gairmiúla.

*A.5* *Oifig Chigireachta*

Soláthair an mheastacháin: €1.286 milliún, táirgeacht: €1.001 milliún

Tháinig an choigilt €285,000 chun cinn go príomha mar gheall ar choigiltí ar chaiteachas pá agus ar chaiteachas neamhphá. Tháinig coigilt €78,000 ar phárolla chun cinn mar thoradh ar mhoill a bhí ann ar fholúntais a líonadh sa bhliain tar éis imeacht ball foirne. Tháinig an choigilt €207,000 i gcaiteachas neamhphá chun cinn go príomha mar nach ndearnadh oibreacha beartaithe ar chothabháil an fhoirgnimh agus nár ceannaíodh trealamh oifige mar a bhí sceidealaithe ar dtús sa bhliain 2018.

A.6 *Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí*

Soláthair an mheastacháin: €11.669 milliún, táirgeacht: €8.058 milliún

Tá coigilt €3.611 milliún ann i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh, rud a léirítear go páirteach i laghdú €2.755 milliún sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2018. Tá an choigilt fhoriomlán comhdhéanta de chaiteachas párolla atá cothrom le €2.538 milliún agus de chaiteachas neamh-phárolla atá cothrom le €1.073 milliún. Tháinig an choigilt ar phárolla chun cinn mar gur sannadh baill foirne ar bhonn céimnithe sa bhliain, rud a fhágann nár tabhaíodh costas ach ar feadh cuid den bhliain. De bhreis air sin, b'ionann agus 108 mball foirne an líon iomlán ball foirne a bhí ann ag deireadh na bliana. Ba lú an figiúr sin ná an leibhéal ionchais 142 bhall foirne. Tháinig an choigilt neamh-phárolla chun cinn go príomha de bharr costais dlí nár tháinig dlite lena n-íoc mar go raibh cásanna áirithe ar siúl fós.

A.7 *Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann*

Soláthair an mheastacháin: €692,000, táirgeacht: €547,000

Tháinig coigilt €145,000 chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €692,000, rud a léirítear go páirteach i laghdú €112,000 sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2018. Tháinig gannchaitheamh €54,000 ar phárolla chun cinn mar gur fágadh folúntais folamh sa bhliain. Mínítear an chuid eile den ghannchaitheamh €91,000 le costais laghdaithe ar Aicmitheoirí Cúnta mar thoradh ar laghdú 16% sa líon DVDanna a cuireadh isteach i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

## Clár B Oibriú le haghaidh pobail shábháilte

| | | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 7,518 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 660 | | | |
| | | | | 8,178 | 8,115 | 7,345 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 4,861 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 1,613 | | | |
| | | | | 6,474 | 6,622 | 6,579 |
| B.3 | An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 7,948 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 1,000 | | | |
| | | | | 8,948 | 8,832 | 8,259 |
| B.4 | Seirbhísí Promhaidh - tuarastail, pánna agus liúntais | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 23,643 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (2,500) | | | |
| | | | | 21,143 | 20,775 | 20,370 |
| B.5 | Seirbhísí Promhaidh - costais oibriúcháin | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 3,375 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 550 | | | |
| | | | | 3,925 | 3,975 | 2,699 |
| B.6 | Seirbhísí Promhaidh - seirbhísí do chiontóirí | | | 16,732 | 16,466 | 16,637 |
| B.7 | Scéim Orduithe na Seirbhíse Pobail | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 2,971 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (600) | | | |
| | | | | 2,371 | 2,138 | 2,008 |
| B.8 | Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 12,663 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 200 | | | |
| | | | | 12,863 | 12,603 | 12,479 |
| B.9 | Maoiniú ar sheirbhísí d'íospartaigh na coireachta | | | 1,712 | 1,712 | 1,704 |
| B.10 | An Bord Athbhreithnithe Meabhairshláinte (Dlí Coiriúil) | | | 400 | 418 | 366 |
| B.11 | Cúiteamh ar dhíobhálacha pearsanta déanta go coiriúil | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 4,279 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 2,400 | | | |
| | | | | 6,679 | 6,667 | 4,223 |
| B.12 | Cúnamh Dlíthiúil (Coiriúil) | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 49,302 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 15,698 | | | |
| | | | | 65,000 | 64,809 | 58,140 |
| B.13 | CúnamhDlí – Saincheisteannacoinneála | | | 3,000 | 2,672 | 3,203 |
| B.14 | An Bord Parúil | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 373 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 68 | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | 441 | 437 | 317 |
| B.15 | Bearta coiscthe coireanna | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 1,197 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (400) | | | |
| | | | 797 | 598 | 253 |
| B.16 | An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach | | 2,923 | 2,700 | 2,769 |
| B.17 | COSC- foréigean teaghlaigh, gnéasach & inscne | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 2,684 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (250) | | | |
| | | | 2,434 | 2,349 | 2,487 |
| B.18 | An tSaotharlann Dlí-eolaíochta | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 19,166 | | | |
| | *Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha* | 741 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (5,758) | | | |
| | | | 14,149 | 12,849 | 11,372 |
| B.19 | An Paiteolaí Stáit | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 969 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 165 | | | |
| | | | 1,134 | 1,198 | 889 |
| | | | **179,303** | **175,935** | **162,099** |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár B €9.478 milliún níos ísle ná an meastachán deiridh. Méadaíodh an meastachán bunaidh €166.457 milliún faoi €12.846 milliún tríd an meastachán forlíontach agus tháinig an t-athrúchán i gcaiteachas chun cinn go príomha de bharr na nithe seo a leanas:

*B.3* *An Biúró um Shócmhainní Coiriúla*

Soláthair an mheastacháin: €7.948 milliún, táirgeacht: €8.832 milliún

Léirítear sa mheastachán forlíontach €1 milliún don fho-mhírcheann an barrachas €884,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €7.948 milliún. Baineann an caiteachas barrachais go príomha le costais phárolla mar gheall ar an sannadh leanúnach acmhainní breise soláthar foirne chuig an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla mar fhreagairt do leibhéil ghníomhaíochta mhéadaithe.

*B.4* *Seirbhísí Promhaidh - tuarastail, pánna agus liúntais*

Soláthair an mheastacháin: €23.643 milliún, táirgeacht: €20.775 milliún

Tháinig coigilt €2.868 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €23.643 milliún, rud a léirítear go páirteach i laghdú €2.5 milliún sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2018. Tháinig an ganntchaiteamh chun cinn mar thoradh ar fholúntais ar fud na Seirbhíse, ar ina leith atá earcaíocht ar siúl. Mar fhreagairt do dheacrachtaí maidir le baill foirne a earcú chun freastal ar riachtanais soláthar seirbhíse i láithreacha áirithe, táthar ag reáchtáil comórtais d'oifigigh phromhaidh ionaid freisin.

*B.5* *Seirbhísí Promhaidh - costais oibriúcháin*

Soláthair an mheastacháin: €3.375 milliún, táirgeacht: €3.975 milliún

Tháinig an barrachas €600,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh chun cinn mar thoradh ar chostais mhéadaithe a bhain le soláthar seirbhísí, go háirithe TFC agus saoráidí agus bainistíocht eastáit. Freastalaíodh ar an gcuid is mó den róchaitheamh trí mheastachán forlíontach €550,000.

*B.7* *Scéim Orduithe na Seirbhíse Pobail*

Soláthair an mheastacháin: €2.971 milliún, táirgeacht: €2.138 milliún

Tháinig coigilt €833,000 chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €2.971 milliún, rud a léirítear i laghdú €600,000 sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don

vóta sa bhliain 2018. Tháinig an choigilt chun cinn mar gheall ar mhoilleanna ar roinnt folúntas mar Mhaoirseoirí Seirbhíse Pobail a líonadh laistigh den tSeirbhís Phromhaidh.

*B.11* Cúiteamh ar dhíobhálacha pearsanta déanta go coiriúil

Soláthair an mheastacháin: €4.279 milliún, táirgeacht: €6.667 milliún

Léirítear sa mheastachán forlíontach €2.4 milliún don fho-mhírcheann an barrachas €2.388 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €4.279 milliún. Tháinig an ceangaltas breise chun cinn mar gur deonaíodh roinnt dámhachtainí móra cúitimh sa bhliain.

*B.12* *Cúnamh Dlíthiúil (Coiriúil)*

Soláthair an mheastacháin: €49.302 milliún, táirgeacht: €64.809 milliún

Léirítear sa mheastachán forlíontach €15.698 milliún don fho-mhírcheann an barrachas €15.507 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €49.302 milliún. Tháinig an ceangaltas breise chun cinn de bharr líon agus chatagóir na gceisteanna coiriúla os comhair na gCúirteanna ar eisíodh deimhnithe um chúnamh dlíthiúil ina leith. Faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil) 1962, is iad na Breithiúna atá freagrach as cúnamh dlíthiúil a dheonú. Is scéim í sin a threoraítear le héileamh agus is de réir théarmaí agus coinníollacha na scéime a íoctar na táillí agus na speansais atá le híoc leis na cleachtóirí dlí. Méadaíodh an leithdháileadh ar an bhfo-mhírcheann seo go €61.3 milliún sa bhliain 2019.

*B.13* *CúnamhDlí – Saincheisteannacoinneála*

Soláthair an mheastacháin: €3 milliún, táirgeacht: €2.672 milliún

Tháinig an choigilt €328,000 chun cinn mar gur lú ná a bhíothas ag súil leis a bhí an líon cásanna a raibh íocaíocht dlite astu i leith ionadaíocht dhlíthiúil faoin Scéim Saincheisteanna Coinneála, rud atá bunaithe ar éileamh. Is de réir théarmaí agus coinníollacha na scéime a íoctar na táillí agus na speansais atá le híoc leis na dlí-chleachtóirí.

*B.15* *Bearta coiscthe coireanna*

Soláthair an mheastacháin: €1.197 milliún, táirgeacht: €598,000

Tháinig coigilt €599,000 chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €1.197 milliún, rud a léirítear go páirteach i laghdú €400,000 sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2018. Tháinig an gannchaitheamh chun cinn mar nach ndearnadh dul chun cinn iomlán sa bhliain 2018 ar roinnt tionscnamh um chosc na coireachta. Áiríodh leo tionscadail TCI ón nGarda Síochána agus Bus Pobail an Gharda Síochána do Lárchathair Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh. Tá an Roinn tiomanta do thacaíocht airgeadais a thabhairt do na tionscadail um chosc na coireachta a tháinig sna sála ar Thuarascáil Mulvey dar teideal “Creating a Brighter Future”. Tá sé beartaithe go gcuirfear na tionscadail sin i bhfeidhm sa bhliain 2019.

*B.16* *An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach*

Soláthair an mheastacháin: €2.923 milliún, táirgeacht: €2.7 milliún

Tháinig an choigilt €223,000 chun cinn go príomha mar thoradh ar mhoill ar an bPlean Straitéiseach 2018-2021 a fhoilsiú, rud a d’fhág gur iarchuireadh caiteachas ar thionscadail laistigh den Phlean go dtí an bhliain 2019. De bhreis air sin, níor cuireadh tús go fóill le ceadúnú daoine aonair san earnáil slándála imeachtaí, rud a bhí sceidealaithe don bhliain 2018, mar thoradh ar an moill a bhí ar rialacháin ghrinnfhiosrúcháin nua a thabhairt isteach. Dá bharr sin, iarchuireadh roinnt caiteachais sa bhliain 2018.

*B.17* *COSC- foréigean teaghlaigh, gnéasach & inscne*

Soláthair an mheastacháin: €2.684 milliún, táirgeacht: €2.349 milliún

Tháinig coigilt €335,000 chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €2.684 milliún, rud a léirítear go páirteach i laghdú €250,000 sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2018. Tháinig coigiltí párolla €189,000 chun cinn mar nár líonadh roinnt folúntas sa bhliain. Tháinig an choigilt ar chostais neamh-phárolla €146,000 chun cinn mar thoradh ar an moill a bhí ann ar roinnt Cláir Idirghabhála Foréigin Bhaile nua a chur i bhfeidhm ar fud na tíre. I roinnt láithreacha, cuireadh tús leis na cláir sin ní ba mhoille ná a beartaíodh ar dtús.

*B.18.* *An tSaotharlann Dlí-eolaíochta*

Soláthair an mheastacháin: €19.907 milliún, Táirgeacht: €12.849 milliún

Tháinig coigilt €7.058 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €19.166 milliún (móide géilleadh iarchurtha €741,000), rud a léirítear go páirteach i laghdú €5.758 milliún sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2018. Tá gannchaitheamh iomlán €8.4 milliún ann sa leithdháileadh caipitil. Tháinig sé sin chun cinn go príomha mar go raibh sé riachtanach moill a chur ar eisiúint na ndoiciméad tairisceana le haghaidh an phríomhchonartha tógála. Tháinig sé sin chun cinn mar thoradh ar chastacht an tionscadail agus mar thoradh ar athruithe a rinneadh le déanaí i gcaighdeáin idirnáisiúnta Saotharlainne Fóiréinsí. Tugtar suim €942,000 i gcaipiteal neamhchaite ar aghaidh chuig an mbliain 2019 faoi na forálacha maidir le tabhairt ar aghaidh caipitil. Frithháiríodh an gannchaitheamh i gcaipiteal go páirteach trí róchaitheamh €1.347 milliún i gcaiteachas reatha ar sholáthairtí bunriachtanacha a fháil don tSaotharlann chun freastal ar ualach oibre méadaithe.

*B.19* *An Paiteolaí Stáit*

Soláthair an mheastacháin: €969,000, Táirgeacht: €1.198 milliún

Ba trí mheastachán forlíontach €165,000 a freastalaíodh go páirteach ar an mbarrachas €229,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €969,000. Tháinig na costais bhreise chun cinn mar gur earcaíodh Leas-Phaiteolaí Stáit Gníomhach i mí Mheán Fómhair 2018 agus mar go raibh sé riachtanach baill foirne ionaid áirithe a fhostú chun clúdach breise a sholáthar.

## Clár C Teacht ar cheart agus ar chóir do chách

| | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 182 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 16 | | | |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | 198 | 197 | 178 |
| | *Meastachán bunaidh* | 118 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 39 | | | |
| | | | 157 | 160 | 159 |
| C.3 | Ciste Magdalen | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 2,558 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 450 | | | |
| | | | 3,008 | 2,044 | 950 |
| C.4 | Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | | 7,838 | 6,874 | 2,181 |
| C.5 | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | | 40,275 | 40,275 | 39,708 |
| C.6 | Ionaid saorchomhairle dlí | | 98 | 98 | 98 |
| C.7 | Seirbhís Chróinéara | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 2,802 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (200) | | | |
| | | | 2,602 | 2,820 | 1,007 |
| | | | **54,176** | **52,468** | **44,281** |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár D €1.403 milliún níos ísle ná an meastachán deiridh. Méadaíodh an meastachán bunaidh €53.871 milliún faoi €305,000 tríd an meastachán forlíontach agus tháinig an t-athrúchán i gcaiteachas chun cinn go príomha de bharr na nithe seo a leanas:

*C.3* *Ciste Magdalen*

Soláthair an mheastacháin: €2.558 milliún, táirgeacht: €2.044 milliún

Tá coigilt €514,000 ann i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €2.558 milliún, cé gur measadh go mbeadh caiteachas breise ann san fho-mhírcheann seo. Dá bhrí sin, fuarthas meastachán forlíontach €450,000. Mar sin féin, níor tháinig an caiteachas réamh-mheasta sin chun cinn. B'amhlaidh sin mar gur íocadh níos lú éileamh ná a measadh faoi aguisín leis an scéim a tugadh isteach i mí na Bealtaine 2018 agus mar nár tugadh chun críche na costais dlí ionchais a d'eascair as dlíthíocht. De bhreis air sin, níor cuireadh i gcrích an deonú probháide chun soláthar a dhéanamh d'íocaíochtaí sásaimh leis na heastáit de chuid iarratasóirí nach maireann agus bhíothas ag déanamh breithniú fós ag deireadh na bliana ar an nglacadh le tairiscintí sásaimh do roinnt iarratasóirí.

*C.4* *Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta*

Soláthair an mheastacháin: €7.838 milliún, táirgeacht: €6.874 milliún

Tháinig an choigilt €964,000 chun cinn go príomha mar nach raibh costais áirithe, lenar áiríodh costais dlí tríú páirtí, dlite lena n-íoc sa bhliain 2018.

## Clár D Comhionannas agus comhtháthú a chur chun cinn

| | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 581 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 50 | | | |
| | | | 631 | 626 | 567 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 375 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 125 | | | |
| | | | 500 | 512 | 508 |
| D.3 | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | | 4,487 | 4,029 | 3,958 |
| D.4 | Oifig um chur chun cinn Lánpháirtíocht na n-Imirceach | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 5,196 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (2,230) | | | |
| | | | 2,966 | 2,940 | 3,740 |
| D.5 | Bearta um míbhuntáiste sóisialta (cuntais díomhaoin arna maoiniú) | | 5,000 | 4,321 | 4,180 |
| D.6 | Deontais d'Eagraíochtaí Náisiúnta Ban | | 500 | 515 | 480 |
| D.7 | Tionscnaimh an Lucht Siúil | | 3,380 | 3,353 | 2,752 |
| D.8 | Gníomh Dearfach um Chomhionannas Insnce | | 3,185 | 3,094 | 3,067 |
| D.9 | Tionscnaimh feasachta míchumais | | — | — | 183 |
| D.10 | An tseirbhís tacaíochta cinntí | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 3,000 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (600) | | | |
| | | | 2,400 | 2,111 | — |
| | | | **23,049** | **21,501** | **19,435** |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár D €4.203 milliún níos ísle ná an meastachán deiridh. Laghdaíodh an meastachán bunaidh €25.704 milliún faoi €2.655 milliún tríd an meastachán forlíontach agus tháinig an t-athrúchán i gcaiteachas chun cinn go príomha de bharr na nithe seo a leanas:

*D.3* *An tÚdarás Náisiúnta Míchumais*

Soláthair an mheastacháin: €4.487 milliún, táirgeacht: €4.029 milliún

Mínítear an choigilt €458,000 le coigilt €208,000 ar phá, rud a tháinig chun cinn go príomha mar go raibh moilleanna ann ar fholúntais a líonadh agus mar go raibh baill foirne ar iasacht do Roinn eile. Tháinig coigiltí €250,000 ar neamhphá chun cinn mar gur ní ba mhoille ná a beartaíodh a tosaíodh roinnt tionscadal a bhí beartaithe don bhliain 2018. De bhreis air sin, bhí an caiteachas ar Chláir Chistiúcháin Feasachta Míchumais níos ísle mar go raibh moill ann ar thograí tionscadail a fháil.

*D.4* *Oifig um chur chun cinn Lánpháirtíocht na n-Imirceach*

Soláthair an mheastacháin: €5.196 milliún, táirgeacht: €2.940 milliún

. Tháinig coigilt €2.256 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €5.196 milliún, rud a léirítear i laghdú €2.230 milliún sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2018. Níor tháinig méadú ar an líon ball foirne le linn na bliana 2019 mar nach raibh aon mhéadú suntasach ann sa líon dídeanaithe a tháinig go hÉirinn faoi Chlár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann. Bhí an toisc sin ar an gcúis phríomha

leis an nganncaitheamh, rud atá leithdháilte go cothrom idir costais phá agus costais neamhphá.

*D.5* *Bearta um míbhuntáiste sóisialta (cuntais díomhaoin arna maoiniú)*

Soláthair an mheastacháin: €5 milliún, táirgeacht: €4.321 milliún

Tháinig an choigilt €679,000 chun cinn go príomha mar gur iarchuireadh go dtí an bhliain 2019 an caiteachas ar thionscadail a bhaineann le Scéim Fostaíochta Romach, ar Thionscnaimh in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine agus ar Sheirbhísí Idirghabhála do Thaistealaithe. Tháinig sé sin chun cinn go príomha mar nár cuireadh i gcrích sa bhliain 2018 an próiseas atá riachtanach a sheoladh chun tionscadail a roghnú.

*D.10* *An tseirbhís tacaíochta cinntí*

Soláthair an mheastacháin: €3 milliún, táirgeacht: €2.111 milliún

Foráiltear leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, don tSeirbhís Tacaíochta Cinntí a bhunú laistigh den Choimisiún Meabhair-Shláinte. Bheadh sé de dhualgas uirthi tacú le cinntí a dhéanann daoine fásta a bhfuil deacrachtaí cumais acu agus cinntí a dhéantar thar a gceann agus rialáil a dhéanamh orthu sin a thugann tacaíocht do na daoine fásta sin. Tháinig coigilt €889,000 chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €3 mhilliún, rud a léirítear go páirteach i laghdú €600,000 sa mheastachán forlíontach san fho-mhírcheann don vóta sa bhliain 2018. Tháinig an gannchaitheamh chun cinn mar thoradh ar an bhfíric nach féidir an tSeirbhís Tacaíochta Cinntí a bhunú go hiomlán go dtí go bhfuil an creat rialála i bhfeidhm agus gur faighte agus curtha chun feidhme atá na córais chuí TFC agus an bonneagar cuí TFC. Iarchuireadh míreanna áirithe caiteachais ar feitheamh cleachtadh pleanála mionsonraithe a cuireadh i gcrích sa bhliain 2018 agus tabharfaidh siad eolas don phlean cur chun feidhme don tseirbhís.

## Clár E Córas imirce, tearmainn agus saoránachta atá éifeachtach, freagrúil agus cothrom

| | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 7,892 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 694 | | | |
| | | | 8,586 | 8,520 | 7,711 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 5,104 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 1,694 | | | |
| | | | 6,798 | 6,951 | 6,907 |
| E.3 | Ciste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha | | 1,500 | 1,108 | 1,353 |
| E.4 | Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 68,771 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (4,271) | | | |
| | | | 64,500 | 66,506 | 58,595 |
| E.5 | Cóiríocht na n-iarrthóirí tearmann | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 66,620 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 9,880 | | | |
| | | | 76,500 | 78,009 | 67,359 |
| | | | **157,884** | **161,094** | **141,925** |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár E €11.207 milliún níos airde ná an meastachán deiridh. Méadaíodh an meastachán bunaidh €149.887 milliún faoi €7.997 milliún tríd an meastachán forlíontach agus tháinig an t-athrúchán i gcaiteachas chun cinn go príomha de bharr na nithe seo a leanas:

*E.3* *Ciste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha*

Soláthair an mheastacháin: €1.5 milliún , táirgeacht: €1.108 milliún

Tháinig an choigilt €392,000 chun cinn mar gur tarraingíodh 10% den mhaoiniú deontais siar go dtí gur cuireadh na tionscadail i gcrích go rathúil. Ina theannta sin, cuireadh deireadh le dhá thionscadal agus iarchuireadh an dara híocaíocht le tionscadail eile go dtí an bhliain 2019.

*E.5* *Cóiríocht na n-iarrthóirí tearmann*

Soláthair an mheastacháin: €66.62 milliún, táirgeacht: €78.009 milliún

Léirítear go páirteach sa mheastachán forlíontach €9.88 milliún don fho-mhírcheann an barrachas €11.389 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €66.62 milliún. Is é an chúis phríomha leis an gceangaltas breise ná an méadú 19.8% sa líon iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar chuir an Ghníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha cóiríocht ar fáil dóibh. Tháinig méadú ar an líon sin ó 5,100 iarratasóir ag deireadh na bliana 2017 go 6,110 iarratasóir ag deireadh na bliana 2018. Chun freastal ar an méadú sin san éileamh, tá an Ghníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha ag méadú na hacmhainne laistigh de na hionaid reatha agus ag sainaithint áitribh nua lena n-úsáid mar ionaid chóiríochta.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Táillí cinsireachta scannáin | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 1,503 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (103) | | | |
| | | | | 1,400 | 1,261 | 1,537 |
| 2 | Táillí cosanta sonraí | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 150 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 72 | | | |
| | | | | 222 | 234 | 746 |
| 3 | Fáltais AE | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 16,500 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (1,400) | | | |
| | | | | 15,100 | 15,434 | 206 |
| 4 | Fáltais ilghnéitheacha | | | 583 | 812 | 1,047 |
| 5 | Táillí clárúcháin inimirce | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 25,000 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 6,000 | | | |
| | | | | 31,000 | 33,429 | 29,827 |
| 6 | Táillí víosa | | | | | |
| | | | 5,000 | | | |
| | | | 4,000 | | | |
| | | | | 9,000 | 9,552 | 8,300 |
| 7 | Fáltais na gcuntas díomhaoin | | | 5,000 | 4,404 | 4,269 |
| 8 | Táillí an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 2,564 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (239) | | | |
| | | | | 2,325 | 2,416 | 3,156 |
| 9 | Táillí na dteastas náisiúntachta agus saoránachta | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 10,500 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (1,400) | | | |
| | | | | 9,100 | 9,407 | 8,441 |
| 10 | An tÚdarás um Rialáil Seirbhísí Dlí – tobhach ar chomhlachtaí gairmiúla | | | 1 | — | — |
| 11 | Táillí an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine | | | 2,300 | 2,250 | 2,250 |
| 12 | Táillí Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | | | 680 | 688 | 672 |
| 13 | Fáltais as asbhaintí a bhaineann le pinsin ón luach saothair don tseirbhís phoiblí | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 4,683 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 84 | | | |
| | | | | 4,767 | 5,140 | 5,285 |
| | *Ranníocaíochtaí Pinsin ó fhoireann OSI* | | | — | — | 382 |
| | | | | **81,478** | **85,027** | **66,118** |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €10.563 milliún níos airde ná an meastachán deiridh. Méadaíodh an meastachán bunaidh €74.464 milliún faoi €7.014 milliún tríd an meastachán forlíontach agus tháinig an barrachas i bhfáltais chun cinn go príomha de bharr na nithe seo a leanas:

1 *Táillí cinsireachta scannáin*

Soláthair an mheastacháin: €1.503 milliún, táirgeacht: €1.261 milliún

Tháinig an t-easnamh €242,000 i bhfáltais i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh chun cinn mar gheall ar an laghdú leantach sa líon DVDanna atáthar ag cur isteach lena n-aicmiú. Tháinig laghdú ar an líon DVDanna a cuireadh isteach lena n-aicmiú ó 3,089 gcinn sa bhliain 2017 go 2,621 cheann sa bhliain 2018.

3 *Fáltais AE*

Soláthair an mheastacháin: €16.5 milliún, táirgeacht: €15.434 milliún

Laghdaíodh an sprioc fáltas bunaidh €16.5 milliún faoi €1.4 milliún sa mheastachán forlíontach mar go raibh sé soiléir nach réadófaí an leithdháileadh measta iomlán sa bhliain 2018. Mar a tharla sé, bhí barrachas beag €334,000 ann i gcomparáid leis an leithdháileadh deiridh. Tá sé doiligh suim deiridh na bhfáltas san fho-mhírcheann seo a thuar go beacht in aon bhliain airgeadais ar leith mar go mbíonn sí ag brath ar uainiú na bhfáltas, ar bhonn na n-éileamh a chuirtear isteach.

4 *Fáltais ilghnéitheacha*

Soláthair an mheastacháin: €583,000, táirgeacht: €812,000

Tháinig an barrachas €229,000 i bhfáltais chun cinn mar go bhfuil sé doiligh suim chruinn na bhfáltas faoin gcatagóir seo a thuar, ar suim í a athraíonn ó bhliain go bliain.

5 *Táillí clárúcháin inimirce*

Soláthair an mheastacháin: €25 milliún, táirgeacht: €33.429 milliún

Tháinig barrachas €8.429 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €25 milliún, rud a léirítear go páirteach i leithdháileadh méadaithe €6 milliún sa mheastachán forlíontach don vóta sa bhliain 2018. Léirítear san iontógáil mhéadaithe ó tháillí an méadú sna neamhnáisiúnaigh a cláraíodh sa bhliain. Is figiúr dothuartha é sin mar gur féidir go rachaidh roinnt tosca i bhfeidhm air, lena n-áirítear an timpeallacht gheilleagrach. Dá bhrí sin, is féidir go mbeidh sé i bhfad níos mó nó i bhfad níos ísle ná na meastacháin bhunaidh.

6 *Táillí víosa*

Soláthair an mheastacháin: €5 milliún, táirgeacht: €9.552 milliún

Tháinig barrachas €4.552 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €5 milliún, rud a léirítear i leithdháileadh méadaithe €4 milliún sa mheastachán forlíontach don vóta sa bhliain 2018. Tháinig an barrachas i bhfáltais chun cinn mar gur tháinig méadú suntasach sa bhliain 2018 ar iarratais ar víosaí dul isteach agus ar iarratais ar víosaí athdhul isteach. Sa bhliain 2018, tháinig méadú 11.7%, go 140,537 n-iarratas, ar an líon iarratas ar víosaí dul isteach ar domhan agus tháinig méadú 4%, go 53,707 n-iarratas, ar an líon iarratas ar víosaí athdhul isteach.

7 *Fáltais na gcuntas díomhaoin*

Soláthair an mheastacháin: €5 milliún, táirgeacht: €4.404 milliún

Tháinig an t-easnamh €596,000 milliún i bhfáltais chun cinn go príomha mar gur iarchuireadh go dtí an bhliain 2019 an caiteachas ar thionscadail a bhaineann le Scéim Fostaíochta Romach, ar Thionscnaimh in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine agus ar Sheirbhísí Idirghabhála do Thaistealaithe. Tháinig sé sin chun cinn go príomha mar nár cuireadh i gcrích sa bhliain 2018 an próiseas atá riachtanach a sheoladh chun tionscadail a roghnú.

8 *Táillí an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach*

Soláthair an mheastacháin: €2.564 milliún, táirgeacht: €2.416 milliún

An t-easnamh €148,000 i bhfáltais i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €2.564 milliún, tháinig sé chun cinn mar gur tháinig ceadúnas 3 bliana do dhaoine aonair in ionad an cheadúnais 2 bhliain sa bhliain 2016. Dá bhrí sin, ní raibh aon athnuachaintí ceadúnais dlite ón bhfoinse sin sa bhliain 2018. Níor clúdaíodh an t-easnamh go hiomlán le hioncam méadaithe ó earnálacha eile laistigh den tionscal.

9 *Táillí na dteastas náisiúntachta agus saoránachta*

Soláthair an mheastacháin: €10.5 milliún, táirgeacht: €9.407 milliún

Tháinig easnamh €1.093 milliún i bhfáltais chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh €10.5 milliún, rud a léirítear go páirteach i leithdháileadh laghdaithe €1.4 milliún sa mheastachán forlíontach don vóta sa bhliain 2018. Bhí an t-ioncam ó tháillí níos ísle ná a bhíothas ag súil leis mar gheall ar an laghdú leantach atá ag teacht ar an líon iarratas ar shaoránacht, rud a bhain buaicphointe amach le blianta beaga anuas, agus ar an líon iarmhartach deimhnithe eadóirseachta a bhítear ag eisiúint gach bliain.

13 *Fáltais as asbhaintí a bhaineann le pinsin ón luach saothair don tseirbhís phoiblí*

Soláthair an mheastacháin: €4.683 milliún, táirgeacht: €5.14 milliún

Tá na fáltais bharrachais €457,000 bainteach go díreach le costais phárolla agus bhí siad níos mó ná a bhíothas ag súil leis.

## 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir | 7 | 1 |
| Fáltais ó ghéilleadh deonach tuarastail | 18 | 7 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (7) | (1) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | 18 | 7 |

## Nóta 5 Líon agus Pá na bhfostaithe

Baineann an líon fostaithe agus an fhaisnéis seo a leanas leis an Roinn agus lena comhlachtaí gaolmhara Stáit i Vóta 24.

### 5.1 Líon na bhfostaithe (ar choibhéis lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (ar choibhéis lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | **2,781** | **2,633** |

### 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 135,110 | 122,774 |
| Liúntais ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 233 | 284 |
| Liúntais eile | 3,938 | 3,272 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 2,537 | 2,465 |
| ÁSPC an Fhostóra | 9,189 | 7,928 |
| **Pá Iomlán** | **151,007** | **136,723** |

Eisíoctar costais phá i measc roinnt fo-mhírcheann.

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2018 | Uasíocaíocht aonair 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 44 | 9 | 52,906 | 52,906 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 528 | 32 | 35,440 | 29,736 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 190 | 9 | 12,174 | 12,009 |
| Ilghnéitheacha | 249 | 39 | 53,138 | 24,644 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 187 | 66 | 37,294 | 31,655 |

## 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Íocadh suim de chuid €111,717 san iomlán le 13 státseirbhíseach scortha a bhí i bhfáltas pinsean státseirbhíse in 2018. Lena chois sin, íocadh suim de chuid €358,766 le 17 iar-státseirbhíseach agus €506,288 le 7 ball na breithiúna a bhí gafa le róil éagsúla i 2018. Cuireadh an riail laghdaithe phinsin i bhfeidhm de réir alt 52 den Acht um Phinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile) 2012.

San iomlán íocadh €2,955,975 tríd an bpárolla do 184 dhuine i dtaca le dualgais a cuireadh i gcrích maidir le boird éagsúla, le coistí éagsúla agus le coimisiúin éagsúla, srl.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

Bunaithe ar thuairiscí a chuir Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte ar fáil, bhí ró-íocaíochtaí de €687,028* (173 fostaí) ann ag deireadh na bliana (2017: €613,887, 153 fostaí). Tá plean aisghabhála ann i gcás €348,889 (72 fostaí) de seo. *Ní áirítear leis an bhfigiúr seo suimeanna ró-íocaíochta do 30 fostaí i gcás go bhfuil an tsuim atá dlite le ríomh fós.

14 phlean aisghabhála ró-íocaíochta dar luach €6,932 a bhain le 11 duine aonair, aistríodh iad chuig 9 gcinn de Ranna Rialtais/d'Oifigí Rialtais sa bhliain 2018.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coimisiúin agus fiosrúcháin

| | Bliain an cheapacháin | 2017 | 2018 | Caiteachas carntha go 31 Nollaig 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Coimisiún Buan** | | | | |
| Binse Cúitimh um Dhíobhálacha Coiriúla[a] | 1974 | 112 | 31 | — |
| **Coimisiún Cuspóra Sheasta** | | | | |
| Binse Morris [b] | 2002 | 78 | — | 68,773 |
| Binse Smithwick [c] | 2005 | — | 404 | 19,889 |
| Coimisiún um Shuíomh Taisí Íospartach [d] | 2007 | 259 | 388 | 7,385 |
| Coimisiún Imscrúdaithe Ronan MacLochlainn [e] | 2014 | 16 | 6 | 1,175 |
| An Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách agus cúig fhiosrúchán a bunaíodh sa bhliain 2017 faoi Alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 [f] | 2014 | 131 | 538 | 1,063 |
| Athbhreithniú Murray (athbhreithniú ar an dlí maidir le teacht a bheith ar thaifid choinnithe teileachumarsáide iriseoirí) [g] | 2016 | 49 | — | 97 |
| An Measúnú Neamhspleách ar Stardust [h] | 2017 | 105 | — | 105 |
| An Binse um Nochtuithe [i] | 2017 | 1,039 | 1,927 | 2,966 |
| An Coimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta [j] | 2017 | 392 | 1,429 | 1,821 |
| An Coimisiún Neamhspleách um Thuairisciú[k] | 2017 | — | 52 | 52 |
| Coimisiúin Reifrinn [l] | 2018 | — | 2,095 | 2,095 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson [m] | 2018 | — | 4 | 4 |
| | | **2,181** | **6,874** | **105,425** |

Nóta

a [a]Leanfaidh na costais maidir leis an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla de réir mar a bheidh obair an Bhinse ar bun.

b Bunaíodh Binse Morris sa bhliain 2002 agus d'fhoilsigh sé a thuarascáil deiridh sa bhliain 2008. B'ionann costas an Bhinse go dtí deireadh mhí na Nollag 2018 agus €68.8 milliún. Ní raibh aon chaiteachas ann sa bhliain 2018 agus ní mheastar go mbeidh aon chaiteachas breise ann.

c Chinn Binse Smithwick ag deireadh 2013. Tá na costais eile fós le scaoileadh maidir le tríú páirtí nach bhfuil socraithe fós. Meastar gur cheart na costais sin a íoc roimh dheireadh na bliana 2019. Táthar ag súil le tuilleadh íocaíochtaí.

d [d] Tá obair an Choimisiúin Neamhspleách um Aimsiú Taisí Íospartach ar siúl fós. Baineann na príomhchostais le tochailtí le haghaidh taisí i gcás inar féidir láithreáin a shainaithint. Tá gníomhaíocht agus costais ghaolmhara an Choimisiúin ag brath go mór ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó maidir leis na híospartaigh a bhfuil sé ag iarraidh a dtaisí a aimsiú. Bhain an caiteachas €388,000 sa bhliain 2018 le cuardaigh a rinneadh i

mBaile Órthaí, Contae na Mí, agus i mBragán, Co. Mhuineacháin, rud a fhágann gurb ionann an caiteachas iomlán go dtí seo agus geall le €7.4 milliún. Táthar ag súil le tuilleadh íocaíochtaí.

e Bunaíodh Coimisiún MacLochlainn i Lúnasa 2014. Ba é a bhí i dtéarmaí tagartha an Choimisiúin fiosrú a dhéanamh ar na cúinsí ina ndearna comhaltaí den Gharda Síochána Ronan MacLochlainn a scaoileadh agus a mharú an 1 Bealtaine 1998. Foilsíodh tuarascáil deiridh an Choimisiúin i mí na Nollag 2018. Ní mheastar gur suntasach a bheidh aon chostais eile a bhaineann leis an gCoimisiún.

f Ag teacht sna sála ar an obair a rinne an Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách, chuir an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais cúig fhiosrúchán ar bun an 15 Bealtaine 2017 faoi alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 chun fiosrú a dhéanamh ar chúig imscrúdú ar leith de chuid an Gharda Síochána. Tá tacaíocht cóiríochta agus tacaíocht riaracháin á gcomhroinnt lena chéile ag na cúig fhiosrúchán. Tabhaíodh caiteachas €538,000 sa bhliain 2018. Cuireadh dhá cheann de na fiosrúcháin sin i gcrích i mí Aibreáin 2018 agus meastar go gcuirfear na trí cinn eile i gcrích sa bhliain 2019. Meastar go n-íocfar na costais ar fad eile sa bhliain 2019. Táthar ag súil le tuilleadh íocaíochtaí.

g Ceapadh, an tUas. John Murray, iarPhríomh-Bhreitheamh, chun athbhreithniú neamhspleách neamhreachtúil a dhéanamh ar an dlí a bhaineann le rochtain a cheadú ar thaifid theileachumarsáide de chuid iriseoirí. Cuireadh an tuarascáil uaidh isteach i mí Aibreáin 2017. Is ionann agus €97,000 an caiteachas iomlán ar Athbhreithniú Murray go dtí seo. Níl sé beartaithe go dtiocfaidh aon chaiteachas breise chun cinn.

h Rinne an Breitheamh Pat McCartan an Measúnú Neamhspleách ar Stardust sa bhliain 2017. Cheap an Rialtas an Breitheamh McCartan chun meas a dhéanamh ar an bhfianaise nua nuashonraithe a chuir Coiste Íospartach Stardust i láthair maidir le tubaiste Stardust. Ghlac an Rialtas leis an tuarascáil measúnachta i mí na Samhna 2017 agus tugadh don Choiste í lom láithreach ina dhiaidh sin sula bhfoilseofaí í. Ní mheastar go dtiocfaidh aon chostais eile chun cinn.

i Bunaíodh an Binse um Nochtuithe i mí Feabhra 2017. Is é an Breitheamh Onórach Peter Charleton, breitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí, an t-aon chomhalta amháin den Bhinse. Bunaíodh an Binse tar éis athbhreithnithe a rinne an Breitheamh Onórach Iarfhlaith O'Neill ar dhá nochtadh chosanta a rinneadh don Tánaiste ag an am, inar líomhnaíodh go raibh feachtas ar siúl ar an leibhéal is airde den Gharda Síochána chun míchlú a tharraingt ar an Sáirsint Maurice McCabe, an sceithire a rinne líomhaintí go raibh éagóir ar bun sa Gharda Síochána. Leag an Breitheamh Onórach Charleton an tuarascáil uaidh faoi bhráid na Dála i mí Dheireadh Fómhair 2018. Tabhaíodh caiteachas €1.9 milliún sa bhliain 2018. Ní féidir costas deiridh an chéad mhodúil den Bhinse a mheas go cruinn mar go mbeidh sé ag brath ar roinnt tosca, lena n-áireofar suim aon chostas dlí tríú páirtí a measfar go n-íocfar iad sa bhliain 2019. Táthar ag súil le tuilleadh íocaíochtaí. I mí na Nollag 2018, ghlac an Breitheamh Onórach Seán Ryan lena cheapacháin chun an fiosrúchán a dhéanamh ar an téarma tagartha deiridh dá bhforáiltear san ionstraim lenar bunaíodh an Binse. Meastar go dtógfaidh sé idir ocht mí dhéag agus dhá bhliain chun an dara modúl seo a chur i gcrích.

j Rinne an Rialtas an Coimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, atá faoi chathaoirleacht Kathleen O'Toole Uas., a chur ar bun i mí na Bealtaine 2017 chun scrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar an bpóilíneacht agus treoirphlean a fhorbairt le haghaidh thodhchaí na póilíneachta in Éirinn. Chuir an Coimisiún an tuarascáil uaidh faoi bhráid an Rialtais ag an gCoimisiún i mí Mheán Fómhair 2018. B'ionann an caiteachas sa bhliain 2018 agus €1.4 milliún, rud a fhágann gurb ionann caiteachas iomlán an Choimisiúin agus níos mó ná €1.8 milliún. Ós rud é gur curtha i gcrích anois atá obair an Choimisiúin, níl aon chaiteachas ábhartha le tabhú sa bhliain 2019.

k Bunaíodh an Coimisiún Neamhspleách um Thuairisciú sa bhliain 2017 agus beidh sé i mbun oibre ar feadh tréimhse cúig bliana. Is comhlacht trasteorann é atá comhdhéanta de cheathrar comhaltaí. Bunaíodh é faoi Chomhaontú 2015 dar teideal Tús Nua. Glacann an Coimisiún páirt i gcomhairliúcháin fhadréimseacha chun tuairisc a thabhairt gach bliain ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i dTuaisceart Éireann ar chun cur chun feidhme a dhéanamh ar na tionscnaimh chomhaontaithe a bhfuil mar aidhm leo gach cineál paraimíleatachais a chomhrac. Cuireadh an chéad tuarascáil ón gCoimisiún Neamhspleách um Thuairisciú i láthair Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe i mí Dheireadh Fómhair 2018. Meastar go mbeidh an costas bliantúil do na ceithre bliana atá fágtha cothrom le thart ar €50,000. Táthar ag súil le tuilleadh íocaíochtaí.

l Thabhaigh an Coimisiún Reifrinn costais €2.095 milliún sa bhliain 2018 i dtaca leis an Reifreann maidir le Diamhasla. Ní mheastar go dtabhófar aon chaiteachas breise sa bhliain 2019 i dtaca leis an reifreann sin.

m Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson i mí na Samhna 2018 mar fhreagairt do ghearáin a rinneadh in aghaidh Bill Kenneally, do líomhaintí á rá gur thug sé mí-úsáid ghnéasach do leanaí agus do nithe gaolmhara. Fiosróidh an Coimisiún cén t-eolas, dá mb'ann, a bhí ag roinnt eagraíochtaí, lena n-áirítear an Garda Síochána, Deoise Eaglaise Caitlicí Phort Láirge, Bord Sláinte an Oirdheiscirt, Cumann Cispheile na hÉireann agus pearsana polaitíochta áirithe sa tréimhse ama iomchuí ar na cionta a rinne Bill Kenneally. Meastar go mbeidh an Coimisiún i mbun oibre ar feadh bliain amháin ar chostas measta €1.3 milliún. Táthar ag súil le tuilleadh íocaíochtaí

## 6.2 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach €121,824 (2017: €100,817 ) maidir leis an Scéim Chúnaimh Dhlí neamhreachtúil do bhearta de chineál BSC. Tá an scéim seo infheidhmithe do dhaoine ar freagróirí agus/nó cosantóirí iad in aon imeachtaí cúirte a chuirtear i gcrích ag, nó in ainm, an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, imeachtaí cúirte an Achta um Fháltais Choiriúlachta 1996, na hAchtanna um Choimisinéirí Ioncaim agus na hAchtanna um Leas Sóisialach agus iarratais a rinneadh ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach €1,796,764 (2017: €1,864,426) maidir leis an Scéim neamhreachtúil Chomhairle Cúnaimh Dhlí Stáisiúin Gharda. Déanann an scéim seo soláthar dó, sa chás go ndéanfaí duine a choimeád i stáisiún Garda do chuspóirí imscrúdaithe ar choir agus go bhfuil sé de theidlíocht dlí aige/aici dul i gcomhairle le dlíodóir ach gan dóthain acmhainne a bheith ag an duine le go n-íocfadh sé/sí as a leithéid de chomhairliúchán, go n-íocfar as comhairliúcháin le dlíodóirí ag an Stát.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach iomlán €10,487 (2017: €15,759) i roinnt cásanna maidir le seirbhís na gCróinéirí. Baineann na híocaíochtaí faoi thrácht le costas na hionadaíochta dlí ag ionchoisní faoi bhás daoine a bhí faoi choimeád an Stáit.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar €33,158 (2017: €19,522) maidir le 20 cháseilemaidir le cúnamh dlí in imeachtaí cóiriúla.

## 6.3 Ciste um Thionscnamh na nDrugaí

Fuarthas suim de €338,066 (2017: €350,183) ón gCiste Tionscnaimh Dhrugaí agus mínítear an tsuim sin trí mheán cuntais ar fionraí. Déantar soláthar don mhaoiniú faoin Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2009 – 2016 agus baineann sin le roinnt tionscadal ar le Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí iad ar tionscnaimh iad a dtacaíonn an tSeirbhís Phromhaidh leo.

## 6.4 Costais Dlí

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir cásanna | Costais dlíthiúil íoctha ag an Roinn | Costais dlíthiúil bronnta | Cúiteamh bronnta | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh ag baill an phobail | 535 | 936 | 7,873 | 556 | 9,365 | 8,759 |
| Éilimh ó fhostaithe | 5 | 3 | — | — | 3 | 237 |
| **Iomlán** | | **939** | **7,873** | **556** | **9,368** | **8,996** |

Luach iomlán costas dlíthiúil de €9,368,000, baineann €6,291,000 (67%) le Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIÉ). Iompraíodh na costais dlí eile ar fud roinnt réimsí den Roinn, lena roinn na gcúirteanna, n-áirítear Rannán Cúirteanna na Roinne, Oifig den Choimisinéir Cosanta Sonraí, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus an tÚdarás Rialála Seirbhísí.

## 6.5 Ús ar Íoc Pras Cuntas

Ba é €3,675 (2017: €2,087) suim an úis ar íoc pras a thabhaigh an Roinn i 2018.

## 6.6 Maoiniú AE

Áirítear leis na torthaí a léirítear i bhFo-mhírchinn B.6, B.8, D.4, E.3 agus E.4 na híocaíochtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn an tAontas Eorpach iad. Ba mar seo a leanas a bhí na meastacháin ar fháltais agus na torthaí iarbhír (atá taifeadta i nóta 4.1, fo-mhírcheann 3):

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| **Subhead description** | | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| CSE - An Clár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014 – 2020 (CSE) | | 6,000 | 6,589 | — |
| An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht 2014 – 2020 (AMIF) | | | | |
| *Meastachán bunaidh* | 10,500 | | | |
| *Meastachán forlíontach* | (1,400) | | | |
| | | 9,100 | 8,845 | — |
| F.3. Fáltais Eile AE | | — | — | 206 |
| | | 15,100 | 15,434 | 206 |

Nóta Anuas air sin, fuair an Roinn réamhchistiú ón Aontas Eorpach sa bhliain 2018. Riartar an cistiú sin trí chuntais fionraí.

## Aguisín A Cuntais do comhlachtaí faoi choimirce an Roinn Dlí agus Ceart agus Comhionannas

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ ciste na rinne | Tréimhse Chuntasaíochta Dheiridh | Dáta an tuairisc iniúchta | Dáta faighte ag Aire/ Roinn | Dáta curtha i láthair an Oireachtais |
|---|---|---|---|---|
| An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 2017 | 20 Nollaig 2018 | 20 Nollaig 2018 | 4 Eanáir 2019 |
| Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 2017 | 26 Samhain 2018 | 25 Márta 2019 | Ar feitheamh |
| Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 2017 | 6 Meitheamh 2018 | 8 Meitheamh 2018 | 9 Iúil 2018 |
| An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 2017 | 6 Nollaig 2018 | 18 Eanáir 2019 | Ar feitheamh |
| An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | 2017 | 1 Meitheamh 2018 | 12 Meitheamh 2018 | 26 Iúil 2018 |
| Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí | 2017 | 20 Nollaig 2018 | 16 Eanáir 2019 | 16 Eanáir 2019 |
| An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach | 2017 | 5 Deireadh Fómhair 2018 | 17 Deireadh Fómhair 2018 | 27 Feabhra 2019 |
| Údarás Rialála na Seirbhísí Réadmhaoine | 2017 | 21 Nollaig 2018 | 10 Eanáir 2019 | Ar feitheamh |
| An tÚdarás um Rialáil Seirbhísí Dlí | 2017 | 20 Nollaig 2018 | 24 Eanáir 2019 | 15 Feabhra 2019 |

.